

Ealaín Bheo!

An Chéad Sheachtain Ealaíne agus Oidhreacht i Scoil Sailearna

Chuir Joe Steve Ó Neachtain tús le ‘Ealaín Bheo’ ar an 28 Bealtaine i Scoil Sailearna ag rá gur cúis bróid dó an méid drámaíochta, damhsa, cheoil agus cumadóireachta atá ar siúl sa scoil. Is í Scoil Sailearna an bhunscoil is mó i nGaeltacht Chonamara agus í suite sa bparóiste is bríomhaire agus is gníomhaí sa tír ó thaobh teanga, cultúir agus oidhreacht de.

Tá an t-ádh ar dhaltaí na scoile go bhfuil siad sáite i dtimpeallacht shuibhir chultúrtha ag baile, ar scoil agus sa bpobal (i.e. ceol, damhsa, drámaíocht, amhránaíocht, ealaín, ceardaíocht, spórt agus araile).

Tá a thoradh seo le sonrú chuile bhliain ag Oireachtas na Gaeilge agus ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta, áit a bhfuil go leor leor duaiseanna agus gradaim bainte amach ag daltaí na scoile. I 2006 bhuaigh gasúir na scoile an chéad áit faoi-13 agus faoi-15 le hagallaimh bheirte ag Oireachtas na Gaeilge agus bhain siad amach an onóir “Bunscoil Ghaeltachta is Fearr” ag an bhFéile Náisiúnta Scoildrámaíochta áit a raibh ceithre rang ón scoil ag glacadh páirte tar éis dóibh buachtáil agus dul thríd ó Fhéile na Gaillimhe ar dtús agus ina dhiaidh sin ag Féile Chonnachta. Is iontach go deo an chreidiúint agus an t-údar bróid é sin don phobal áitiúil.

Leis na spriocanna seo ar intinn againn, d’eagraigh Coiste na dTuismitheoirí Seachtain Ealaíne & Oidhreacht den chéad uair i mbliana i Scoil Sailearna ón 28 Bealtaine – 1 Meitheamh. Tá muid den tuairim go bhfuil sé fíorthábhachtach go mbeadh tuismitheoirí na scoile iad fhéin gafa, gníomhach agus lárnach ag cur chun cinn na teanga agus an chultúir le go mbeadh sí beo agus bríomhar don

chéad ghlúin eile.

I measc na n-imeachtaí éagsúla a



Joe Steve Ó Neachtain

eagróidh bhí ceardlanna scríbhneoireachta agus ealaíne, seisiúin sna seomraí ranga, ceolchoirmeacha, taispeántais agus araile. Daoine ón bpobal, tuismitheoirí, iarscoláirí agus a leithéid a bhí ar chuid d’aíonna na seachtaine mar aon le roinnt aíonna mór le rá eile. I mbliana cuireadh béim ar Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht i nGaeilge

Ghlac an scoil páirt san Tionscnamh Scríobh Leabhar Gaeilge a d’eagraigh Bord na Leabhar Gaeilge agus COGG. Bhí go leor gnéithe den chultúr á gclúdach i

gcaitheamh na seachtaine agus bhí imeachtaí ann do chuile aois-ghrúpa, do chuile spéis agus do chuile chumas. Ina measc na ngnéithe sin bhí:

Scéalaíocht le Joe Steve Ó Neachtain
Scríbhneoireacht le Colman Ó Raghallaigh, Eoghan Mac Giolla Bhríde, Áine Ní Ghlinn agus Gwyneth Wynn Uí Ghaora

Na hAmharcealaíona (Péinteáil agus déanamh mionsamhaileacha) le Ursula Murry

Damhsa ar an sean-nós le Seosamh Ó Neachtain

Ceol agus amhránaíocht le Tadhg Mac Dhonnagáin

Drámaíocht le Branar

Fuair muid an-tacaíocht ó Chumann Forbartha Chois Fharraige agus ó Údarás na Gaeltachta. Beidh Ealaín Bheo II ar siúl sa scoil ón 3-7 Marta 2008!!!

